2026/2240

6.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2240 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meán Fómhair 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE (SCCT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le h Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ba cheart iad a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhunú a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. BURKE

IARSCRÍBHINN

DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. …/…

an …

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú SCCT ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Cé go nglactar leis i Rialachán (AE) 2023/956 go n-úsáidfear sonraí agus córais chustaim laistigh d'Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh atá lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE, aithníonn na Páirtithe Conarthacha gur gá do Stáit CSTE gealltanas a thabhairt a reachtaíocht náisiúnta a oiriúnú chun a áirithiú go n-oibreoidh SCCT go haonfhoirmeach ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

(4) Chun Rialachán (AE) 2023/956 a chur i bhfeidhm ar bhealach aonchineálach ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, ní mór an cinneadh maidir le tionscnamh earraí agus aicmiú na n-earraí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/956 a ailíniú ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. San Aontas, sainmhínítear an cinneadh maidir le tionscnamh earraí agus aicmiú earraí i gcomhréir leis na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, agus leis na cóid AC liostaithe san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim. Agus Rialachán (AE) 2023/956 á chur chun feidhme ag Stáit CSTE ina reachtaíocht náisiúnta féin, glacfaidh siad rialacha comhfhreagracha a bheidh comhionann go substainteach leis na rialacha is infheidhme san Aontas, lena n-áiritheofar aonchineálacht iomlán ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Tabharfaidh an tAontas fógra do Stáit CSTE faoi aon athrú ar na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach earraí, na cóid AC agus na foranna TARIC breise, atá ábhartha chun raon feidhme Rialachán (AE) 2023/956 a chinneadh. Áiritheoidh Stáit CSTE go mbeidh na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach agus aicmiú na n-earraí is ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ina reachtaíocht náisiúnta ag teacht go leanúnach leis na rialacha is infheidhme san Aontas agus áiritheoidh siad cur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhuaineach na rialacha sin. I gcomhréir le h Airteagal 109(1) de Chomhaontú LEE, déanann Údarás Faireacháin CSTE faireachán ar thrasuí agus ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/956 i Stáit CSTE de réir mar is gá chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

(5) Is chuig Stáit CSTE a thitfidh ioncam ó dheimhnithe SCCT a dhíol le dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE.

([1]) IO L 130, 16.5.2023, lch. 52.
([2]) IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj.

(6) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha an tábhacht a bhaineann le malartú éifeachtúil uathoibríoch faisnéise chun na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/956 a chomhlíonadh agus chun go mbeidh cur chun feidhme indéanta mar a fhoráiltear sa Rialachán sin agus comhaontaíonn siad oibriú i gcomhar le chéile maidir le malartuithe éifeachtúla sonraí. Tuairisceoidh údaráis chustaim Stáit CSTE na sonraí custaim is gá chun oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/956 a chomhlíonadh do Chlárlann SCCT, i bhformáid a bheidh comhionann leis an bhformáid a úsáideann na Ballstáit den Aontas de bhun Iarscríbhinn 21-03 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

(7) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal, rinneadh í a ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 146/2007. Is é Airteagal 25 den Treoir sin, arna ionchorprú i gComhaontú LEE i bpointe 21al d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, an bunús dlí chun comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 2(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/956 a thabhairt i gcrích. Aithris 17 de Chinneadh Uimh. 146/2007 ó Chomhchoiste LEE, maidir le neamh-idirdhealú Stáit CSTE agus a n-oibreoirí, tá feidhm aici freisin maidir le cur i bhfeidhm comhaontuithe den sórt sin faoi Rialachán (AE) 2023/956.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21azt (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3098 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'21azu. **32023 R 0956**: Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52), arna leasú le:

— **32025 R 2083**: Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá an Rialachán oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 1(1) agus (2), cuirfear na focail ", nó i gcríocha custaim Stáit CSTE" isteach i ndiaidh na bhfocal "i gcríoch chustaim an Aontais".

(b) In Airteagal 2:

(i) i mír 1 agus i mír 2, an chéad fhomhír, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na nósanna imeachta coibhéiseacha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta chustaim féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(ii) i míreanna 1, 2 agus 7, cuirfear na focail "nó i gcríocha custaim Stáit CSTE" isteach i ndiaidh na bhfocal "i gcríoch chustaim an Aontais";

(iii) i mír 2, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

"Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas freisin:

(a) táirgí próiseáilte ó earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de thionscnamh tríú tír a eascraíonn as an nós imeachta próiseáil isteach dá dtagraítear in Airteagal 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, nuair a thugtar isteach iad i gcríoch chustaim Stáit de chuid CSTE, ar choinníoll go n-allmhairítear isteach i gcríoch chustaim ceann de Stáit CSTE iad; agus

(b) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, táirgí próiseáilte ó earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I de thionscnamh tríú tír ar toradh iad ar na nósanna imeachta coibhéiseacha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin, nuair a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad ar choinníoll go n-allmhairítear isteach sa chríoch chustaim sin iad.";

(iv) i mír 4, cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

"De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht roimhe sin i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim Stáit de chuid CSTE, ar choinníoll go gcuirfidh an dearbhóir custaim in iúl sa dearbhú custaim a eiseofar ina dhiaidh sin gur scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht roimhe sin.

Arna iarraidh sin don údarás custaim ina bhfuil na hearraí á n-allmhairiú, cuirfidh an dearbhóir custaim doiciméadacht nó faisnéis ar fáil lena gcruthaítear gur scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht roimhe sin laistigh de chríoch chustaim an Aontais nó Stáit de chuid CSTE. Is ar an dearbhóir custaim a bheidh an fhreagracht as an gcruthúnas sin a bheith ar fáil tráth a dtaiscfear an dearbhú custaim.";

(v) i mír 5:

(i) cuirfear na focail "nó a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na rialacha comhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(ii) cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Tráth nach déanaí ná 45 lá roimh theacht i bhfeidhm san Aontas leasuithe ar na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach dá dtagraítear in Airteagal 59 de Rialachán (AE) 952/2013, tabharfaidh an tAontas fógra do Bhuanchoiste Stáit CSTE maidir leis na leasuithe atá beartaithe. Laistigh de 45 lá tar éis do Stáit CSTE an fógra a fháil, leasóidh siad na rialacha comhfhreagracha ina reachtaíocht náisiúnta féin, d'fhonn na leasuithe sin a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go comhuaineach. Cuirfear Comhchoiste LEE ar an eolas maidir leis an cinntí seo agus foilseoidh sé liosta de na cinntí go tréimhsiúil i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.";

(vi) i mír 12, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Ar thabhairt i gcrích comhaontaithe dá dtagraítear san Airteagal seo ag an Aontas, ní dhéanfar aon idirdhealú idir dearbhóirí SCCT atá bunaithe san Aontas agus iad siúd atá bunaithe i Stáit CSTE. Coinneoidh an tAontas Stáit CSTE ar an eolas go luath maidir le comhaontuithe a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, ar comhaontuithe iad dá dtagraítear san Airteagal seo, chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 9.";

(vii) cuirfear isteach an mhír seo a leanas:

"13. Chun go bhféadfar cóid tráchtearra a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go comhuaineach chun earraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainaithint, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

Tráth nach déanaí ná 45 lá roimh theacht i bhfeidhm san Aontas leasuithe ar chóid AC faoi Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, tabharfaidh an tAontas fógra do Bhuanchoiste Stáit CSTE maidir leis na leasuithe atá beartaithe. Laistigh de 45 lá tar éis do Stáit CSTE an fógra a fháil, leasóidh siad na cóid tráchtearra chomhfhreagracha ina reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le allmhairiú earraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo isteach i gcríocha custaim Stáit CSTE. Cuirfear Comhchoiste LEE ar an eolas maidir leis an cinntí seo agus foilseoidh sé liosta de na cinntí go tréimhsiúil i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

I gcás ina n-úsáidfidh an tAontas cóid tráchtearra TARIC faoi Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ina bhfuil suas le 10 ndigit chun earraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainaithint, tabharfaidh Stáit CSTE cóid chomhfhreagracha isteach ina bhfuil digití breise ina reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le hallmhairiú earraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo isteach i gcríocha custaim Stáit CSTE. Tráth nach déanaí ná 45 lá roimh theacht i bhfeidhm na gcód tráchtearra TARIC sin san Aontas, tabharfaidh an tAontas fógra do Bhuanchoiste Stáit CSTE faoi na cóid tráchtearra TARIC sin, agus tabharfaidh Stáit CSTE isteach, laistigh de 45 lá tar éis dóibh an fógra a fháil, na leasuithe is gá ina reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le hallmhairiú earraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo isteach i gcríocha custaim Stáit CSTE.

Tabharfaidh an tAontas fógra do Bhuanchoiste Stáit CSTE gan moill mhíchuí faoi thagairtí na ndoiciméad custaim leictreonach, faoi cheanglais deimhniúcháin, agus faoi dhíolúintí is infheidhme atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear nuashonruithe ar eilimintí sonraí den sórt sin. Tabharfaidh Stáit CSTE fógra don Choimisiún freisin faoi chur chun feidhme comhfhreagrach na n-eilimintí sin, lena n-áiritheofar ailíniú agus idir-inoibritheacht.

Earraí a allmhairítear isteach i gcríocha custaim Stáit CSTE, aicmeofar iad i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin a chomhfhreagróidh go comhionann do na cóid tráchtearraí is infheidhme san Aontas maidir le hearraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo."

(c) In Airteagal 3:

(i) i bpointe (4), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na nósanna imeachta coibhéiseacha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta chustaim féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(ii) i bpointe (6), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, críocha custaim Stáit CSTE mar a shainítear iad ina reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(iii) i bpointe (7), cuirfear na focail "nó lasmuigh de chríocha custaim Stáit CSTE" isteach i ndiaidh na bhfocal "lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais";

(iv) i bpointe (10), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, praghas na n-earraí féin nuair a dhíoltar iad lena n-onnmhairiú chuig críoch chustaim Stáit CSTE, cé is moite de chostais iompair agus árachais, mura n-áireofar iad sa phraghas agus mura léireofar ar leithligh iad ar an sonrasc, agus aon cháin agus muirear eile atá infhionnta ag na húdaráis chustaim ó aon doiciméad ábhartha" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 1, pointe (48), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446";

(v) i bpointe (14), cuirfear na focail “nó riaracháin chustaim Stáit CSTE atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim agus aon údarás eile de chuid Stáit CSTE a chumhachtaítear faoin dlí náisiúnta reachtaíocht áirithe chustaim a chur i bhfeidhm” isteach i ndiaidh na bhfocal “Airteagal 5, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013”;

(vi) i bpointe (15), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an doiciméadacht ábhartha i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Stáit CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446” agus cuirfear na focail “nó ionadaí custaim i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Stáit CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013”;

(vii) i bpointe (16), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an dearbhóir mar a shainmhínítear é i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta chustaim féin” isteach i ndiaidh na bhfocal “Rialachán (AE) Uimh. 952/2013”;

(viii) i bpointe (18), cuirfear na focail “faoi Chomhaontú LEE nó faoin dlí náisiúnta” in ionad na bhfocal “faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta”;

(ix) i bpointe (20), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an t-aitheantóir náisiúnta corparáide i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin” isteach i ndiaidh na bhfocal “Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013”.

(d) In Airteagal 4, Airteagal 5(1) agus (5) agus Airteagal 26(2) agus (4), cuirfear na focail “nó i gcríocha custaim Stáit CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “i gcríoch chustaim an Aontais”.

(e) In Airteagal 5:

(i) i mír 1a:

(a) cuirfear na focail “nó ionadaí custaim i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Stáit CSTE” isteach i ndiaidh an chéad dá uair dá bhfuil na focail “ionadaí indíreach custaim” ann;

(b) cuirfear na focail “nó an t-ionadaí custaim i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Stáit CSTE” isteach i ndiaidh an tríú huair dá bhfuil na focail “ionadaí indíreach custaim” ann;

(c) cuirfear na focail “nó a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, lena reachtaíocht náisiúnta féin” isteach i ndiaidh na bhfocal “le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013”;

(ii) i míreanna 2 agus 2a, cuirfear na focail “nó ionadaí custaim i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Stáit CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “an t-ionadaí indíreach custaim”;

(iii) i mír 2, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Cláróidh dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE uimhir EORI sula n-allmhaireoidh siad earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I isteach i gcríoch chustaim an Aontais sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina dtaisctear an dearbhú custaim in ainm an allmhaireora; nó

(b) i gcás ina ndéanann ionadaí indíreach custaim an dearbhú custaim a thaisceadh trí úsáid a bhaint as uimhir údaraithe SCCT an allmhaireora.";

(iv) i mír 5, cuirfear an pointe seo a leanas isteach:

"(i) aon aitheantóir corparáide a úsáidtear i bPáirtí Conarthach eile.";

(v) i mír 7, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha ar sannadh aitheantóir corparáide dóibh a úsáidtear i bPáirtí Conarthach eile an t-údarás inniúil ábhartha a chur ar an eolas dá réir sin."

(f) In Airteagal 5(5), pointe (b), Airteagal 14(2), pointe (b), Airteagal 17(4), pointe (b), agus Airteagal 25(2), cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an t-aitheantóir corparáide ábhartha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta" isteach i ndiaidh na bhfocal "uimhir EORI".

(g) In Airteagal 6:

(i) i mír 3, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an nós imeachta comhfhreagrach i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(ii) i mír 3, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na rialacha comhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 205 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(iii) i mír 4, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na rialacha comhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 259 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(iv) i mír 4, cuirfear na focail "nó taobh amuigh de chríocha custaim Stáit CSTE" isteach i ndiaidh na bhfocal "taobh amuigh de chríoch chustaim an Aontais";

(v) i mír 5, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na rialacha comhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 203 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013".

(h) In Airteagal 12, cuirfear isteach an abairt seo a leanas:

"Thairis sin, tabharfaidh an Coimisiún cúnamh d'Údarás Faireacháin CSTE agus d'údaráis inniúla Stáit CSTE agus tabharfaidh sé isteach iad, de réir mar is iomchuí, chun an leibhéal céanna comhair a áirithiú agus chun malartú leordhóthanach faisnéise a chur chun cinn idir údaráis inniúla Stáit CSTE agus Ballstát den Aontas agus idir údaráis inniúla Stáit CSTE agus Údarás Faireacháin CSTE."

(i) In Airteagal 13:

(i) i mír 1, cuirfear na focail “ná Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “Coimisiún”;

(ii) i mír 2:

(a) cuirfear na focail “agus Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “Coimisiún”;

(b) cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

“A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ní bheidh feidhm ag comhroinnt faisnéise le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.”;

(iii) cuirfear na focail “de bhua Chomhaontú LEE nó an dlí náisiúnta” in ionad na bhfocal “de bhua dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta”.

(j) In Airteagal 14(1), cuirfear na focail “agus d’Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh” isteach i ndiaidh na bhfocal “d’údaráis inniúla”.

(k) In Airteagal 15(2), cuirfear na focail “agus, a mhéid a bhaineann le dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “na húdaráis inniúla lena mbaineann”.

(l) In Airteagal 17:

(i) i mír 2, pointe (d), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an t-aitheantóir corparáide ábhartha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin” isteach i ndiaidh na bhfocal “Rialachán (AE) Uimh. 952/2013”;

(ii) i mír 4, pointe (b), cuirtear na focail seo a leanas isteach: “agus, más ábhartha, aon aitheantóir corparáide a úsáidtear i bPáirtí Conarthach eile;”;

(iii) i mír 7a, cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le hallmhaireoirí atá bunaithe i Stáit CSTE agus allmhairí isteach i gcríocha custaim Stáit CSTE, faoin 31 Márta 2027” isteach i ndiaidh na bhfocal “faoin 31 Márta 2026”.

(m) In Airteagal 19:

(i) i mír 1, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Agus cúraimí athbhreithnithe á ndéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE, coinneoidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoi aon neamhrialtacht a bhaineann le dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE. Thairis sin, féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe SCCT a bhaineann le dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE.”;

(ii) i mír 2, an dara fomhír, cuirfear na habairtí seo a leanas isteach:

"Is é Údarás Faireacháin CSTE a dhéanfaidh aon iniúchadh ag áitreabh dhearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE. Féadfar cuireadh a thabhairt d'oifigigh an Choimisiúin agus do dhaoine eile arna n-údarú ag an gCoimisiún a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí.".

(n) In Airteagal 20(2):

(i) sa dara fomhír, cuirfear na focail ", Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh, a mhéid a bhaineann le dearbhóirí SCCT atá bunaithe i Stáit CSTE," isteach i ndiaidh an fhocail "Coimisiún";

(ii) cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Faoi réir comhaontú a bheith tugtha i gcrích ag Stáit CSTE agus ag an gCoimisiún ar a chuntas féin agus thar ceann na mBallstát lena nglacfaidh Stáit CSTE páirt sa chomhaontú maidir le soláthar comhpháirteach chun ardán lárnach coiteann a sholáthar, beidh Stáit CSTE rannpháirteach sa ghníomhaíocht chomhpháirteach de bhun na míre seo.".

(o) In Airteagal 25:

(i) i mír 1, cuirfear an abairt seo a leanas isteach: "Chun na críche sin agus go dtí go nascfaidh Stáit CSTE le CSW-CERTEX AE, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh údaráis chustaim Stáit CSTE in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá maidir le húdaruithe SCCT ó chlárlann SCCT ar bhonn seachtainiúil.";

(ii) i mír 2,

(a) cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, go tréimhsiúil agus, más indéanta, go huathoibríoch" isteach i ndiaidh na bhfocal "go huathoibríoch";

(b) cuirfear isteach na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, an fheidhmiúlacht ábhartha arna cur ar fáil ag an gCoimisiún i gclárlann SCCT, chun sonraí idirbhirt custaim a uaslódáil sa struchtúr agus san fhormáid is infheidhme" isteach i ndiaidh na bhfocal "Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(c) cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na cóid tráchtearra chomhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta" isteach i ndiaidh na bhfocal "cód AC ocht ndigit";

(d) cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha faisnéis a mhalartú go rialta maidir le céannachtaí a ndearbhóirí SCCT údaraithe agus a n-allmhaireoirí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.";

(iii) i mír 4, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na ceanglais choibhéiseacha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin" isteach i ndiaidh na bhfocal "Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013";

(iv) i mír 5, cuirfear na focail “Prótacal 11 de Chomhaontú LEE” in ionad na bhfocal “Rialachán (CE) Uimh. 515/97”.

(p) In Airteagal 25a(1), cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

“Agus cúraimí faireacháin á ndéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le hallmhaireoirí atá bunaithe i Stáit CSTE de bhun an Airteagail seo, coinneoidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoi aon neamhrialtacht a bhaineann le hallmhaireoirí atá bunaithe i Stáit CSTE agus féadfaidh sé faisnéis ábhartha a iarraidh ar Údarás Faireacháin CSTE a mhéid is gá le haghaidh chúraimí an Choimisiúin de bhun an Airteagail seo. Thairis sin, déanfaidh Údarás Faireacháin CSTE faireachán ar an tairseach mhais-bhunaithe aonair a mhéid a bhaineann le hallmhaireoirí atá bunaithe i Stáit CSTE.”

(q) In Airteagal 27:

(i) i mír 1, sa dara habairt de mhír 4 agus i mír 5, cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le hallmhaireoirí atá bunaithe i Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “an Coimisiún” agus “don Choimisiún”;

(ii) i mír 2, pointe (a), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, faoi chóid tráchtearra náisiúnta nach dtagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I,” isteach i ndiaidh na bhfocal “nach liostaítear in Iarscríbhinn I”.

(r) In Airteagal 36:

(i) i mír 2, pointe (a), cuirfear na habairtí seo a leanas isteach: “A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, beidh feidhm ag Airteagail 5, 14, 16 agus 17 ón 1 Meán Fómhair 2026. Beidh feidhm ag Airteagail 10 agus 10a ón 1 Nollaig 2026.”

(ii) i mír 2, pointe (b), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ón 1 Eanáir 2027” isteach i ndiaidh na bhfocal “ón 1 Eanáir 2026.”.

(s) I mír 1 d’Iarscríbhinn I, cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na cóid tráchtearra chomhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin” isteach i ndiaidh na bhfocal “Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87”.

(t) I gceanntásc Iarscríbhinn II, cuirfear an abairt seo a leanas isteach:

“I gcás Stáit CSTE, sainaithneofar na hearraí leis na cóid tráchtearra chomhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin.”

(u) I mír 1 d’Iarscríbhinn III, scriostar na focail “An Íoslainn” agus “An Iorua”.

(v) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le Lichtinstéin.’

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2023/956 agus (AE) 2025/2083 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], nó ar an gceathrú lá déag tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

Rúnaithe

Chomhchoiste LEE

(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Dearbhú ón Íoslainn agus ón Iorua i ndáil le Cinneadh Uimh. xx/2026 [an cinneadh seo] lena n-ionchorpraítear Rialachán (AE) 2023/956 i gComhaontú LEE

Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2023/956 maidir le hearraí a thugtar chuig oileán saorga, struchtúr seasta nó ar snámh, nó aon struchtúr eile ar an scairbh ilchríochach nó sa limistéar eacnamaíoch eisiach. Meabhraítear go bhfuil ionchorprú gníomhartha a bhfuil cur i bhfeidhm eisceachtúil den sórt sin acu i gComhaontú LEE gan dochar don tuiscint go bhfuil feidhm ag Comhaontú LEE i gcomhréir le hAirteagal 126 maidir le críocha Stáit CSTE.